Réamhfhógra maidir le comhchruinniú

(Cás M.10866 – F2i / GVM / GENERATION AND SUPPLY BUSINESSES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 351/05)

1. An 5 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— F2i SGR S.P.A. (an Iodáil),

— Grupo Villar Mir, S.A.U. ("GVM", an Spáinn), atá faoi rialú deiridh a scairshealbhóra tromlaigh, Juan Miguel Villar Mir (an Spáinn),

— Fochuideachtaí áirithe de Villar Mir Energía, S.L.U. ("an Spáinn") ar le GVM iad ("Generation Business" a thugtar ar na fochuideachtaí sin i bhfochair a chéile).

Gheobhaidh F2i rialú aonair ar Generation Business de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Ina theannta sin, gheobhaidh F2i agus GVM rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Energya VM Generación, S.L.U. ("Supply Business JV"), atá ina fhochuideachta ar lánúinéireacht de GVM faoi láthair.

Is trí cheannach scaireanna atá an comhchruinniú á dhéanamh.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir cothromais phríobháidigh é F2i a bhfuil infheistíochtaí aige sna hearnálacha seo a leanas: iompar agus lóistíocht, líonraí dáileacháin, teileachumarsáid, fuinneamh glas, an geilleagar ciorclach agus saoráidí sláinte agus sóisialta,

— Is grúpa tionsclaíoch faoi úinéireacht teaghlaigh é GVM atá gníomhach i dtáirgeadh agus i soláthar leictreachais, i soláthar gáis, i dtáirgeadh cóimhiotal agus fearó-chóimhiotal sileacan-bhunaithe agus mangainéis-bhunaithe, agus i bhfógraíocht réadmhaoine,

— Tá Generation Business gníomhach i dtáirgeadh fuinnimh leictrigh, trí fheirmeacha gaoithe den chuid is mó, sa Spáinn.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Supply Business JV: soláthar miondíola leictreachais agus gáis nádúrtha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10866 – F2i / GVM / GENERATION AND SUPPLY BUSINESSES

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË